



Ciorclán 0025/2022

Chuig Údaráis Bhainistíochta agus Phríomhoidí na mBunscoileanna

Socruithe soláthar foirne i mBunscoileanna don scoilbhliain 2022/23

Réamhrá

Is éard is cuspóir leis an gclár seo an lucht bainistíochta agus an fhoirean go léir sna bunscoileanna a chur ar an eolas faoi na socruithe soláthar foirne atá ann do bhunscoileanna don scoilbhliain 2022/23.

Braitheann leithdháileadh na bpost teagaisc ar scoileanna ar chomhlíonadh na socruithe ath-implonaithe atá i bhfeidhm don scoilbhliain 2022/23.

Is é ath-implonú na mbuanmhúinteoirí/na múinteoirí le CID an mheicníocht a úsáidtear chun poist teagaisc a líonadh. Tá sé an-tábhachtach maidir le cumas na Roinne chun feidhmiú laistigh dá buiséad párolla. Ní bheidh cead ag Boird Bhainistíochta/BOO tús a chur le próiseas earcaíochta chun folúntas teagaisc a líonadh go dtí go mbeidh an Roinn sásta nach bhfuil aon fholúntais ag teastáil chun aon bhuanmhúinteoirí/mhúinteoirí le CID breise a ath-implonú.



Is iad na heochairphointí atá le tabhairt faoi deara:

- Scoirfidh gach post de bhraisle Oideachais Speisialta atá ann faoi láthair ag deireadh na bliana 2021/22 agus ba chóir do scoileanna uaireanta páirtaimseartha Múinteoir Oideachas Speisialta a athbhraisliú i bpoist lánaimseartha roinnte.
- Is é 9 Bealtaine 2022 an príomhdháta do scoileanna an méid a leanas a dhéanamh:
 - Fógra a thabhairt don Oibreoir Painéil ábhartha maidir le haon fholúntas buan nó folúntas ar théarma seasta.
 - Foirm Iarratais an Phríomhphainéil Ath-Imlonnaithe (Aguisín E) a chur ar ais maidir le múinteoirí buana barrachais/múinteoirí ar chonradh tréimhse éiginnte (CTÉ) chuig Rannóg um Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne.
 - Cuir in iúl do Rannóg na Roinne maidir le Leithdháiltí Mhúinteoirí Bunscoile faoi na socruithe nua braislithe do Mhúinteoir Oideachais Speisialta (MOS), ag baint úsáid as Foirm SETCluster2022/23 (Aguisín D)
 - “Foirm Dearbhaithe CID 22” (Aguisín G) a chur ar ais maidir le gach múinteoir ar bronnadh CTÉ air nó uirthi le linn scoilbhliain 2021/22 nó roimhe sin maraon le Foirm Iarratais Príomhphainéil, más infheidhme, chuig Rannóg um Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne.
 - Foirm Achomhairc Foirne comhlánaithe (Aguisín F) a chur isteach le haghaidh chruinniú mhí Bealtaine an Bhoird Achomhairc um Fhoireann Bunscoile chuig Rannóg um Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne
 - Foilseofar na Príomhphainéil Ath-implonnaithe go luath i mí an Mheithimh



Ábhair an Chiorcláin

Is é seo a leanas struchtúr an chiorcláin seo agus tugtar an fhaisnéis seo a leanas ann:

- Cuid 1: Socruithe soláthar foirne don scoilbhliain 2022/23
- Cuid 2: Sonraí cúlra faoin na socruithe soláthar foirne don scoilbhliain 2022/23
- Cuid 3: Socruithe Ath-implonaithe don scoilbhliain 2022/23
- Cuid 4: Achomharc um Sholáthar Foirne Bunscoile don scoilbhliain 2022/23
- Aguisín A: Táblaí sceideal Foirne Bunscoile don scoilbhliain 2022/23
- Aguisín B: Tairseacha rollaithe do phost an Phríomhoide Riaracháin agus an Leas-Phríomhoide Riaracháin don scoilbhliain 2022/23
- Aguisín C: Liosta nuashonraithe de na scoileanna uile, ina léirítear na sonraí leithdháiltí seo a leanas don scoilbhliain 2022/23
- Uaireanta NCSE atá sannta do gach scoil
 - Poist lánaimseartha agus uaireanta atá ar fáil le haghaidh braislithe i ngach scoil faoin leithdháileadh do Mhúinteoirí Oideachais Speisialta
 - Leithdháileadh EAL Buan do Scoileanna le líon mór daltaí óna dteastaíonn tacaíocht teanga acu
- Aguisín D: Foirm maidir le Múinteoir Oideachais Speisialta MOS Cnuasach 2022/23 - Fógra a thabhairt faoi chnuasphoist nua do Mhúinteoirí Oideachais Speisialta don scoilbhliain 2022/23
- Aguisín E: Foirm Iarratais do Rochtain Buanmhúinteoirí/Múinteoirí le CID ar an bPríomhphainéal Ath-implonaithe don scoilbhliain 2022/23 - Foirm Iarratais do Phríomh-Phainéal Ath-Implonaithe
- Aguisín F(a-g): Iarratas chuig an mBord Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal don Scoilbhliain 2022/23
- Aguisín G: “Foirm Dhearbhaithe CID 22” i ndáil le gach múinteoir dár tugadh CID don scoilbhliain 2021/22 no roimhe sin



Aguisín H: Foirm CIDApp (22/23) – Iarratas ar cheadú na Roinne do thabhairt Conartha Tréimhse Éiginnte (CID) do mhúinteoir sa scoilbhliain 2022/23 de réir téarmaí an Chiorcláin 0023/2015

Tuilleadh faisnéise/Ceisteanna Coitianta (CC)

Is ar láithreán gréasáin na Roinne a fhoilseofar aon fhaisnéis breise faoin bpróiseas leithdháilte múinteoirí agus nuashonruithe rialta freisin faoin dul chun cinn um ghlanadh na bpainéal ath-implonaithe.

D'fhoilsigh an Roinn freisin cáipéis CC (Ceisteanna Coitianta) um Shocruithe Ath-implonaithe ag an mBunleibhéal do Bhuanmhúinteoirí agus do Mhúinteoirí CID Breise tríd an bPríomhphainéal agus cáipéis Ceisteanna Coitianta ar Chiorclán 0025/2022 um Shocruithe Soláthar Foirne i mBunscoileanna don Scoilbhliain 2022/23.

Fiosruithe

Má bhíonn fiosruithe agat tar éis duit an ciorclán seo agus cáipéisí CC gaolmhara a léamh i ndáil leis an leithdháileadh soláthar foirne do scoilse, féadfaidh tú na fiosruithe a sheoladh i ríomhphost chuig primaryallocations@education.gov.ie. Áirítear uimhir rollaithe na scoile agus ainm na scoile sa líne ábhair le haon fhiosrú ríomhphoist.

Paraic Joyce
Príomhoifigeach
An Rannóg Leithdháiltí Múinteora

Aibreain 2022



Eochairdhátaí & Foirmeacha do Scoileanna maidir leis an bPróiseas um Leithdháileadh agus Ath-implonú Múinteoirí 2022/23

Eochairghníomh	Foirm le Comhlánú agus le Seoladh ar ais chuig Leithdháiltí Bunscoile	Dáta le gníomh a chur i gcrích
Cumasaíonn na táblaí rollaithe don sceideal soláthar foirne ag Aguisín A scoileanna a leibhéal soláthar foirne príomhshrutha a cheadú don scoilbhliain 2022/23 Cumasaíonn na tairseacha rollaithe in Aguisín B scoileanna chun ceadú má bhíonn siad i dteideal stádais Phríomhoide Riaracháin agus/nó Leas-Phríomhoide Riaracháin.		Láithreach
Ní mór do scoileanna fógra a thabhairt dá nOibreoir Painéil iomchuí faoi aon bhuanfholúntas agus faoi aon fholúntas ar théarma seasta atá le teacht chun cinn mar iarmhairt ar an sceideal soláthar foirne nó fáth ar bith eile atá ar eolas ag an tráth sin.		9 Bealtaine 2022
Ní mór do scoileanna folúntais bhuaana agus folúntais téarma seasta ina dhiaidh sin a chur in iúl dá nOibreoirí Painéil agus don Rannóg um Leithdháileadh Bunscoile ábhartha laistigh de 5 lá oibre tar éis don Bhord Bainistíochta/BOO nó Príomhoide an folúntas a chur in iúl.		Laistigh de 5 lá oibre tar éis don Chathaoirleach / POF nó don Phríomhoide eolas a fháil faoi
Scoirfidh gach post braislithe san Oideachas Speisialta ag deireadh na scoilbhliana 2021/22 In Aguisín C, leagtar amach leithdháileadh uaireanta MOS, na poist bhuaana lánaimseartha leis na huaireanta sin agus na huaireanta atá ar fáil le haghaidh braislithe. Anois is féidir le scoileanna (don scoilbhliain 2022/23) uaireanta páirtaimseartha Múinteoirí Oideachais Speisialta (M.O.S.) a chnuasú i mbuanphoist M.O.S. lánaimseartha nua (25 uair an chloig) atá roinnte le scoileanna eile in aice láimhe	Aguisín D: Foirm Chnuasach M.O.S. 2022/23	9 Bealtaine 2022
Ba cheart do scoileanna le múinteoirí buana/le CID farasbairr a shocrú go gcuirí an/na P(h)ríomh -fhoirm(-eacha) Iarratais don Phainéal Ath-implonaithe	Aguisín E: Foirm MPF	9 Bealtaine 2022



c(h)omhlánaithe ar ais chuig Rannóg Leithdháiltí Bunmhúinteoirí na Roinne.		
Ní mór do scoileanna “Foirm Dhearbhaithe CID22” a sheoladh ar ais chuig Rannóg Leithdháiltí Bunmhúinteoirí na Roinne le cur in iúl don Roinn faoi aon mhúinteoir a fuair CID sa scoilbhliain 2021/22 nó roimhe sin faoi théarma Chuid A1 nó A2 dde Chiorclán 0023/2015.	Aguisín G: Foirm Dhearbhaithe CID 22	9 Bealtaine 2022
Tionólfaidh an Bord Achomhairc Foirne a chruinnithe i mí Bealtaine agus i mí Dheireadh Fómhair. Ní mór iarratais ar chruinniú mhí Bealtaine a chur faoi bhráid na Leithdháiltí Bunscoile.	Aguisín F: Iarratas chun Bord Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal don scoilbhliain 2022/23	9 Bealtaine 2022
An dáta deiridh do scoileanna chun a n-iarratas maidir le Poist Rollaithe Réamh-Mheasta a chur isteach bunaithe ar a rolluithe réamh-mheasta do mhí Mheán Fómhair 2022.		9 Bealtaine 2022
Ní mór do scoileanna iarratas a chur chuig an Rannóg Leithdháiltí Bunmhúinteoirí chun ceadú na Roinne a fháil le haghaidh aon Chonradh Tréimhse Éiginnte atá i gceist acu a bhronnadh ó thús na scoilbhliana 2022/23 faoi Chuid A1 nó A2 de Chiorclán 0023/2015.	Aguisín H: Foirm CIDApp (22/23)	9 Bealtaine 2022
Tá faoin Roinn na painéil ath-implonaithe a fhoilsiú go luath i mí an Mheithimh		go luath i mí an Mheithimh



Cuid 1

Socruithe soláthar foirne don scoilbhliain 2022/23

Is iad seo a leanas na príomhghnéithe de na socruithe soláthar foirne a bheidh i bhfeidhm i mbunscoileanna don scoilbhliain 2022/23:

1.1 Poist Teagaisc sa Seomra Ranga Príomhshrutha

Rinneadh soláthar i gCáinainnéis na bliana 2022 d'fheabhsú aon phointe amháin ar sceideal sholáthar na foirne do Mheán Fómhair 2022. Feidhmeoidh sceideal sholáthar na foirne i leith na mbunscoileanna ar bhonn meán ginearálta de mhúinteoir ranga amháin do gach 24 dhalta i leith na scoilbhliana 2022/23. Tá tairseacha níos ísle i bhfeidhm maidir le scoileanna Banda 1 DEIS (An Comhionannas Deise sna Scoileanna a Sheachadadh = Delivering Equality of Opportunity in Schools).

Tá na táblaí rollaithe le haghaidh fheidhmiú an sceidil soláthar foirne don scoilbhliain 2022/23 liostaithe ag Aguisín A den Chiorclán seo. Cumasaítear scoileanna leis sin anois chun ceadú na leibhéal soláthar foirne príomhshrutha a bheidh acu don scoilbhliain 2022/23.

Áirítear leis na táblaí rollaithe atá le fáil ag Aguisín A na sceidil soláthar foirne do scoileanna DEIS Bhanda Uirbeach 1.

Is le haghaidh ranganna príomhshrutha amháin atá poist a leithdháiltear bunaithe ar an sceideal soláthar foirne agus ba chóir iad a imlonnú dá réir sin. Iarrtar ar údaráis scoile chun a chinntiú go gcoinneofar an líon daltaí in aon rang amháin chomh híseal agus is féidir, agus na tosca comhthéacsúla ábhartha go léir á gcur san áireamh (m.sh. cóiríocht seomra ranga, rollú athraitheach srl.). Mar sin féin, ba chóir d'údaráis scoile leas a bhaint, nuair is féidir, as an bhféinriail atá acu faoin sceideal soláthar foirne chun méideanna laghdaith ranga a chur i bhfeidhm le haghaidh ranganna sóisearacha. Ba chóir go gcuirfeadh scoileanna Ingearacha Uirbeacha DEIS Bhanda 1 an cóimheas 18:1 molta chun feidhme ag an leibhéal sóisearach agus 22:1 ag leibhéal inearach.

Maidir le scoileanna a ndeachaigh an Rannóg um Breithmheas Caipitil Scoileanna i dteagmháil leo i dtaca le saincheisteanna amháil fás déimeagrafach i limistéir áirithe, le Soláthar Foirne Réamh-mheasta Fadtéarmach, stádas aitheanta ag an mbunleibhéal (eadhon sruth amháin, srl),



agus le toilleadh foirgneamh scoile, i measc nithe eile, ba cheart dóibh a rolluithe a bhainistiú mar a mholtar.

1.2 Príomhoide Riaracháin agus Leas-Phríomhoide Riaracháin

Tá na critéir a bhaineann le ceapacháin i bpoist mar Phríomhoidí Riaracháin agus mar Phríomhoidí Tánaisteacha Riaracháin leagtha amach in Aguisín B sa chiorclán seo.

1.3 Critéir maidir le Post Rollaithe Réamh-Mheasta don Scoilbhliain 2022/23

Is féidir le scoileanna iarratas a dhéanamh ar phost príomhshrutha breise i gcás go réamh-mheastar go mbeidh an rollú ar an 30 Meán Fómhair 2022 níos mó ná an rollú ar an 30 Meán Fómhair 2021

- a) agus go mbeidh an méadú uimhriúil sin ar a laghad (mar atá sonraithe thíos)
agus
- b) go mbeidh cúigear daltaí sonraithe sa bhreis ar an líon is gá don cheapachán

I gcás bunscoileanna a bhfuil Príomhoide amháin móide 6 Múinteoirí Ranga Príomhshrutha nó níos lú mar fhoireann acu don scoilbhliain 2022/23:

is é an t-íosmhéadú uimhriúil ar an bhfigiúr rollaithe don 30 Meán Fómhair 2021 dá dtagraítear in (i) thuas ná 15 dalta. Ní mór meánmhéid ranga sa bhreis ar 24 dalta a bheith i bhfeidhm freisin maidir leis na scoileanna sin atá ag lorg poist faoin gcritéar sin (féach na heisceachtaí thíos). Ríomhtar sin tríd an líon post príomhshrutha a réamh-mheastar don scoilbhliain 2022/23 (seachas post rollaithe réamh-mheasta) a chur i bhfeidhm maidir leis an líon daltaí a réamh-mheastar chun bheith rollaithe i mí Mheán Fómhair 2022.

Maidir leis na bunscoileanna le soláthar foirne de Phríomhoide móide 7 Múinteoirí Ranga Príomhshrutha nó níos mó don scoilbhliain 2022/23: bunaithe ar an sceideal soláthar foirne, is ionann an t-íosmhéadú uimhriúil sa rollú le hais rollú 30 Meán Fómhair 2021 dá dtagraítear ag (i) thuas agus 24 dalta.



Sa chás go bhfuil scoil ag méadú líon na ranganna iontrála atá aici – rud a ghinfeadh sruth nua – ní mór don scoil cead don mhéadú sin a bheith faighte aici roimh ré ó phátrún na scoile agus ó Aonad Pleanála agus Tógála na Roinne.

Maidir le scoileanna a ndeachaigh an Rannóg um Breithmheas Caipitil Scoileanna i dteagmháil leo i dtaca le saincheisteanna amhail fás déimeagrafach i limistéir áirithe, le Soláthar Foirne Réamh-mheasta Fadtéarmach, stádas aitheanta ag an mbunleibhéal (eadhon sruth amháin, srl) agus le toilleadh foirgneamh scoile, i measc nithe eile, ba cheart dóibh a rolluithe a bhainistiú mar a mholtar.

Ní mór do scoileanna cáiliú faoin dá chritéar in (i) agus (ii) thuas agus, i gcás scoileanna den sórt sin, d'fhéadfaí go gceadófaí buanph(i)ost b(h)reise go sealadach ar feitheamh deimhniú an rollaithe bhailí an 30 Meán Fómhair 2022. Déanfar an soláthar foirne a leasú i bhfianaise na rolluithe bailí iarbhír an 30 Meán Fómhair 2022.

Chun rolluithe a dheimhniú chun críche soláthair foirne, ba chóir Áireamh Bliantúil na mBunscoileanna a chur isteach tríd an mBunachar Sonraí Bunscoile ar Líne (POD). Scoileanna a bhfuil post acu atá faofa go sealadach, ba chóir dóibh a chinntiú go gcríochnófar a dtuairisceáin chomh luath agus is féidir i ndiaidh chur ar fáil an áirimh ar an 1 Deireadh Fómhair 2022. Scoileanna a bhfuil deacrachtaí acu an tuairisceán áirimh a chomhlánú, ba chóir dóibh dul i dteagmháil leis an Deasc Chabhrach POD ar 01 889 2311 nó pod@education.gov.ie.

Tá dhá eisceacht ann:

1. Scoileanna atá ag iarraidh go gceapfar an dara múinteoir ranga príomhshrutha (P+2)

I gcásanna den sórt sin, na scoileanna a réamh-mheasann go mbeidh íosmhéadú uimhriúil 15 dalta acu an 30 Meán Fómhair 2022 sa bhreis ar an bhfigiúr rollaithe an 30 Meán Fómhair 2021; ní gá dóibh an líon sonraithe de 5 daltaí breise ar an bhfigiúr ceapacháin ná an mheánmhéid shonraithe ranga a chomhlíonadh. Mar sin féin, ní mór an t-íosrollú réamh-mheasta 51 dalta a bhaint amach ar mhaithe leis an dara múinteoir ranga príomhshrutha a fháil ar fhorais an rollaithe réamh-mheasta don scoilbhliain 2022/23.



2. Scoileanna atá ag iarraidh go gceapfar níos mó ná post amháin post rollaithe réamh-mheasta

I gcásanna den sórt sin, ní mór do scoileanna an ceanglas a bhaineann le híosmhéadú uimhriúil agus an líon sonraithe de 5 daltaí breise a chomhlíonadh, sa bhreis ar an bhfigiúr ceapacháin don chéad phost ar fhorais an rollaithe réamh-mheasta. I gcás gach post a iarrfar ina dhiaidh sin, ní mór an líon sonraithe de 5 daltaí breise ar an bhfigiúr ceapacháin a chomhlíonadh.

Ba chóir do scoileanna foirm iarratais chomhlánaithe ar pho(i)st b(h)reise teagaisc a sheoladh chuig Rannóg Leithdháiltí Bunmhúinteoirí na Roinne, primaryallocations@education.gov.ie, an nó roimh 9 Bealtaine 2022. Cé go ndéanfar breithniú ar iarratais mhalla freisin, moltar do scoileanna a chinntiú go mbeidh a n-iarratais seolta chuig Rannóg Leithdháiltí Bunmhúinteoirí na Roinne, an 9 Bealtaine 2022 nó níos déanaí.

Agus acmhainní breise á lorg acu ón Roinn ar fhorais an rollaithe réamh-mheasta meabhraítear do scoileanna go bhfuil sé an-tábhachtach gur réadúil atá an rollú réamh-mheasta a thugtar. Más rud é nach bhfuil an rollú réamh-mheasta bainte amach an 30 Meán Fómhair 2022, déanfar líon foirne na scoile a laghdú dá réir sin.

1.4 Scoileanna Oileánda

Scoileanna Oileánda le Múinteoir Amháin (i.e. Príomhoide amháin) Faoi mar a fógraíodh i gCáinainnéis 2017, sa chás gurb í an bhunscoil an t-aon scoil ar an oileán, is amhlaidh a leithdháilfear an dara múinteoir príomhshrutha don scoil le héifeacht ó Mheán Fómhair 2017.

Scoileanna Oileánda le Triúr Múinteoirí (i.e. PO+2) Sa chás go gcaillfear an tríú post ranga i scoil oileánda ó laghdú i líon na ndaltaí, is féidir an tríú post a choinneáil, faoi réir líon iomlán na ndaltaí sa scoil bheith os cionn 45, agus gurb í an scoil an t-aon bhunscoil ar an oileán.

1.5 Poist do Mhúinteoirí Oideachais Speisialta (Poist M.O.S.)

Rinneadh athbhreithniú ar leithdháileadh teagaisc Oideachais Speisialta do gach scoil don scoilbhliain 2022/23, de réir an Chiorcláin 20/2022.

Leagtar amach in Aguisín C den chiorclán seo an leithdháileadh uaireanta le haghaidh múinteoireacht oideachais speisialta ar thug an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta fógra fúthu do gach scoil.



Léirítear na huairanta sin mar phoist lánaimseartha (ar bhonn 25 huairte an chloig atá comhionann le 1 phost teagaisc), agus iarmhéid na n-uairanta agus na nóiméad atá ar fáil le haghaidh braislithe ina bpoist lánaimseartha le scoileanna eile.

Scoirfidh gach braisle M.O.S. ag deireadh na scoilbhliana 2021/22.

Ba cheart do scoileanna féachaint ar Aguisín C chun líon na bpost MOS lánaimseartha agus iarmhéid na n-uairanta páirtaimseartha ina scoil féin a sheiceáil. Ba cheart do na scoileanna an fhaisnéis sin a úsáid chun a gcuid uairanta Oideachais Speisialta páirtaimseartha a bhraisliú ina bpoist MOS lánaimseartha bhuana le scoileanna comharsanacha.

I scoileanna ina bhfuil iarmhéid d'uairanta Oideachais Speisialta sa bhreis ar na poist iomlána, tá tréimhse acu anuas go dtí an 9 Bealtaine 2022 chun socruithe braislithe a dhéanamh le scoil comharsanach/scoileanna comharsanacha eile. Ba chóir don scoil bhunáite sa bhraisle Foirm SETCluster2022/23 (Aguisín D) a chur isteach chuig an Rannóg Leithdháiltí Bunscoile.

Tar éis an phróisis faoi stiúir na scoile le haghaidh uairanta M.O.S. a bhraisliú, cuirfead tús leis an bpróiseas braislithe faoi stiúir na Roinne tar éis an 9 Bealtaine 2022 d'aon uair atá fágtha i scoileanna nach bhfuil braislithe.

Ní féidir uairanta páirtaimseartha atá fágtha i scoil agus nach bhfuil braislithe ina bpoist lánaimseartha a líonadh ach ar bhonn sealadach amháin.

Cuirtear i gcuimhne do scoileanna nuair a bheidh braisle M.O.S. curtha ar bun, leanfaidh sé i bhfeidhm go dtí go ndéanfaidh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta an chéad athbhreithniú eile ar leithdháileadh teagaisc Oideachais Speisialta.

Stádas na bPost MOS

Is buanphoist iad gach post lánaimseartha MOS, idir phoist lánaimseartha i scoil amháin agus phoist bhunáite do chnuasaigh MOS. Mar sin, ba cheart iad a líonadh de réir na socruithe ath-implonaithe.

Maidir le huairanta páirtaimseartha atá fágtha i scoil agus nach bhfuil cnuasaithe ina bpoist lánaimseartha, ní féidir iad a líonadh ach ar bhonn sealadach.



Scoileanna cónasctha agus nuabhunaithe a bheidh ar oscailt den chéad uair sa scoilbhliain 2022/23

Maidir le scoileanna atá nuabhunaithe nó nuachónasctha sa scoilbhliain 2022/23, déanfaidh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta/an Rannóg Oideachais Speisialta sa Roinn a leithdháileadh Oideachais Speisialta a ríomh.

1.6 Leithdháiltí Breise do Scoileanna a bhfuil Líon Mór Daltaí óna dteastaíonn Tacaíocht Teanga (EAL) acu

Is sa tsamhail leithdháilte Oideachais Speisialta a choinnítear agus a léirítear an soláthar sin, agus foráiltear léi go mbíonn bun-leithdháileadh ag gach scoil chun cúnaimh le daltaí le deacrachtaí foghlamtha agus litearthachta, lena n-áirítear iad siúd ag éirí as an mBéarla mar éilimh Theanga Breise (EAL).

Tá tacaíocht breise ar fáil do scoileanna le comhchruinnithe daltaí óna dteastaíonn tacaíocht teanga acu.

Na scoileanna dár leithdháileadh buanpho(i)st tacaíochta teanga (EAL) sa scoilbhliain 2021/22; coinneoidh siad an post/na poist sin sa scoilbhliain 2022/23. Liostaítear na scoileanna ábhartha ag Aguisín C.

Déanfaidh an Roinn athbhreithniú rialta ar an riachtanas leanúnach a bhíonn ann leis an mbuanphost/na buanphoist tacaíochta teanga, agus aird á tabhairt ar threochtaí rollaithe agus ar an líon daltaí óna dteastaíonn tacaíocht teanga.

An Próiseas Achomhairc:

Féach Cuid 4 le haghaidh sonraí faoin gcrítéar achomhairc atá ann maidir le po(i)st sealadach(a) breise tacaíochta teanga a sholáthraítear bunaithe ar achomhairc chuig an mBord Achomhairc um Sholáthar Foirne Bunscoile.

1.7 Painéil um Sholáthar Múinteoirí

Leanfar ar aghaidh leis na Painéil um Sholáthar Múinteoirí don scoilbhliain 2022/23. Déanfar athbhreithniú ar an leibhéal reatha post ag deireadh na scoilbhliana bunaithe ar an leibhéal reatha úsáide. Tabharfadh fógra faoi seo do scoileanna níos déanaí sa bhliain.



1.8 Poist mar Phríomhoide le Tráth Scaoilte

I gCiorclán 0026/2022, leagtar amach na laethanta scaoilte do phríomhoidí i scoileanna ina bhfuil príomhoidí teagaisc don scoilbhliain 2022/23.

Mar gheall ar an méadú ar laethanta scaoilte do phríomhoidí, scoirfidh gach braisle Lá Scaoilte atá i bhfeidhm ag deireadh na scoilbhliana 2021/22. Beidh an deis ag scoileanna anois a laethanta scaoilte do Phríomhoidí a bhraisliú ina bpoist lánaimseartha Ama Scaoilte do Phríomhoide, i gcomhréir le Ciorclán 0026/2022. Tá an fhoirm iarratais do Phoist Ama Scaoilte Phríomhoide ar fáil in Aguisín A de Chiorclán 0026/2022. Is é an 9 Bealtaine 2022 an dáta deiridh le haghaidh iarratais a fháil.

Cuirtear i gcuimhne do scoileanna gur poist ar théarma seasta iad na Poist Ama Scaoilte do Phríomhoide agus féadfar nach líonfar iad go dtí go molann an Roinn nach bhfuil na poist sin riachtanach do mhúinteoirí atá ar an bPríomhphainéal.



Cuid 2

Sonraí cúlra faoi na Socruithe Soláthar Foirne don scoilbhliain 2022/23

2.1 Folúntais Teagaisc

Nuair a fhoilsítear an sceideal foirne bliantúil ar láithreán gréasáin na Roinne, tá sé de dhualgas ar an scoil aon fholúntais atá ag teacht chun cinn a eascraíonn as cur i bhfeidhm an sceidil foirne don scoilbhliain atá le teacht a chur in iúl, tríd an ríomhphost. Ní mór an fógra sin a thabhairt don Oibreoir Painéil roimh 9 Bealtaine 2022.

Ní mór fógra a thabhairt don Oibreoir Painéil agus a chur ar an bhFoirm Pleanála Foirne maidir le gach folúntas buan, folúntais sainchuspóra agus folúntais ar théarma seasta a mhairfidh feadh na scoilbhliana iomláine nó a cheadaítear ar an gcéad lá oibre de Shamhain nó roimhe sin agus a mhairfidh ar feadh na coda eile den scoilbhliain.

Tá sé de dhualgas ar an scoil freisin a chur in iúl don Oibreoir Painéil agus don Rannóg um Leithdháileadh Bunscoile maidir le folúntais den chineál sin a thagann chun cinn tar éis dáta an fhógra. Ní mór é sin a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre tar éis don scoil eolas a fháil faoin bhfolúntas.

2.2 Fógra faoi Fholúntais

Ní mór do gach scoil a gcuid folúntas a chur in iúl dá nOibreoir Painéil agus do Leithdháiltí Bunmhúinteoirí, mar atá leagtha amach thuas. Sa chás go dtugann scoil fógra don Oibreoir Painéil agus don Rannóg um Leithdháileadh Bunscoile faoi phost/faoi phoist lasmuigh de na tréimhsí ama atá leagtha amach thuas, beidh ar an scoil an post/na poist a thairiscint láithreach do mhúinteoirí ar an bpainéal. Seachas sin, beidh cosc ar an scoil an post/na poist sin a líonadh go dtí go gcomhlíontar oibleagáid na scoile ar na painéil ath-implonaithe.

Sa chás go gceapfar Oifigeach Painéil, déanfaidh sé/sí, ar an gcéad dul síos, teagmháil le haon scoil ar theip uirthi folúntas a chur in iúl laistigh den tréimhse ama riachtanach, d'fhonn líonadh an fholúntais a shocrú trí mhúinteoir a ath-implonú.



2.3 Socruithe Ath-implonaithe

Tugaidís na scoileanna faoi deara le linn an príomhphainéal a bheith i bhfeidhm, nach féidir buanfolúntais teagaisc ná folúntais teagaisc ar théarma seasta a líonadh ach amháin ón bpríomhphainéal ath-implonaithe iomchuí.

Níl cead ag Boird Bhainistíochta/BOO tús a chur le próiseas earcaíochta chun buanfolúntas teagaisc nó folúntas teagaisc ar théarma seasta a líonadh ar aon bhealach eile go dtí go mbeidh an Roinn sásta nach bhfuil aon phoist fholmha ag teastáil chun aon bhuanmhúinteoirí/ mhúinteoirí CID breise ar an bpríomhphainéal a ath-implonú.

Braithfidh uainiú líonadh na bhfolúntas teagaisc ar aon bhealach eile ar cé chomh tapa agus a ath-implonófar buanmhúinteoirí/múinteoirí le CID i bhfolúntais. Foilseoidh an Roinn nuashonruithe rialta painéil ar a láithreán gréasáin, rud a chuirfidh scoileanna agus múinteoirí ar an eolas faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ar an bpróiseas ath-implonaithe buanmhúinteoirí/múinteoirí CID.

2.4 Feabhsaithe ar an bpróiseas le buanfolúntas a líonadh tríd an bPríomh-Phainéal Ath-implonaithe

Is féidir le scoileanna úsáid a bhaint anois as láithreán gréasáin, i.e. educationposts.ie nó staffroom.ie mar bhealach teagmhála leis an bPríomhphainéal Ath-implonaithe. Is féidir leis an scoil é seo a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an láithreán gréasáin le cuireadh a thabhairt do mhúinteoirí ar an bPríomh-Phainéal Ath-implonaithe iomchuí chun spéis a léiriú i mbuanphost. Féach an cháipéis CC maidir le Socruithe Ath-implonaithe do Bhuanmhúinteoirí Buana agus Múinteoirí le CID – C 6.3.2.

Is amhlaidh fós áfach go gcaithfear gach múinteoir ar an bpríomhphainéal a ath-implonú sula gceadaítear fuilleach na mbuanphost a líonadh ar aon bhealach eile nó chun folúntais mhúinteoireachta téarma seasta a líonadh.

2.5 Ceapacháin chuig post an Leas-Phríomhoide

Déantar foráil i gCiorclán 0044/2019 “Earcú/Ardú Céime agus Ceannaireacht do Mhúinteoirí Cláraithe i mBunscoileanna Aitheanta” do cheapacháin i bPoist Príomhoidí Tánaisteacha trí chomórtas oscailte do gach scoil sa scoilbhliain 2022/23. Ba cheart do scoileanna a bhfuil folúntais acu do Phríomhoidí Tánaisteacha don scoilbhliain 2022/23 an post a fhógairt a luaithe agus a bheidh an scoil ar an eolas faoin bpost. Má dhéantar an Príomhoide



Tánaisteach a cheapadh ó laistigh den fhoireann scoile atá ann faoi láthair, ní mór an folúntas a thagann chun cinn dá bharr sin a líonadh trí na socruithe ath-implonaithe atá foilsithe. Má dhéantar an folúntas do Phríomhoide Tánaisteach a líonadh trí cheapachán seachtrach, ní thiocfaidh aon fholúntas chun cinn don Phainéal.

2.6 CIDí faoi théarmaí Chiorcláin 0023/2015

2.6.1 Múinteoirí a fuair CID don scoilbhliain 2021/22 nó roimhe sin

Ní mór do scoil “Foirm Dhearbhaithe CID 22” (Aguisín G) a chomhlánú agus a chur ar ais chuig An Rannóg Leithdháiltí Bunmhúinteoirí 9 Bealtaine 2022 nó roimhe sin le haghaidh gach múinteoir le CID (a bronnadh faoi théarmaí Chuid A1 nó A2 de Chiorclán 0023/2015 don scoilbhliain 2021/22 nó roimhe sin.

Ba chóir go dtabharfadh na scoileanna faoi deara go bhfanann an sealbhóir CID ina scoil féin chomh fada agus a bhíonn folúntas ann, bíodh sé buan nó ar théarma seasta a bhíonn ar fáil dó/di sa scoil.

Sa chás nach mbíonn post ar bith ar fáil, agus gurb é an sealbhóir CID an múinteoir breise buan/le CID is sóisearaí sa scoil, ba cheart go gcomhlíonfaí agus go seolfaí air ais Foirm Iarratais Phríomh-Phainéil chuig an Roinn.

2.6.2 Múinteoirí a bhfuil CID le bronnadh orthú ó thosach feidhme na scoilbhliana 2022/23

Ní mór do scoileanna iarratas a dhéanamh ar cheadú na Roinne do bhronnadh CID i ndáil le múinteoir a mheastar bheith incháilithe do bhronnadh CID leo sa chéad uair nó CID d'uaireanta breise ó thús na scoilbhliana 2022/23. Is i gCiorclán 0023/2015 na riachtanais incháilitheachta do CID.

Ba cheart go dtabharfadh scoileanna faoi deara go bhfuil sé ceadaithe post buan a úsáid atá ar fáil sa scoil ón 1ú Meán Fómhair 2022 mar an post inmharthana a theastaíonn don chonradh tréimhse éiginnte.

Is féidir iarratas a dhéanamh ar Aguisín H - Fhoirm CIDApp (22/23).

Seoltar foirmeacha comhlánaithe chuig Rannóg Leithdháiltí Bunmhúinteoirí na Roinne faoin 9th May 2022.



2.6.3 Post mar mhúinteoir dár bronnadh CID páirtaimseartha roimh an scoilbhliain 2022/23

Má mhaireann an leithdháileadh páirtaimseartha sa scoil, agus más mian leis an scoil an leithdháileadh páirtaimseartha sin a chomhcheangal chun post roinnte M.O.S. lánaimseartha a chruthú, agus an scoil sin mar an scoil bhunáite, féadfaidh an múinteoir CID an post roinnte lánaimseartha M.O.S. a ghlacadh.

2.7 Post Formheasta Sealadach a Líonadh

Leithdháilfear poist do scoileanna ar bhonn sealadach, agus ní dheimhneofar iad don scoilbhliain 2022/23 go dtí go ndeimhneoidh an scoil go bhfuil an rollú réamh-mheasta don 30 Méan Fómhair 2022 bainte amach acu. Is iad na poist sin:

- post buan príomhshrutha maidir le rollú réamh-mheasta
- post buan príomhshrutha atá ceadaithe ar bhonn sealadach faoin bpróiseas achomharc maidir le soláthar foirne
- post sealadach a formheasadh faoin gcritéar achomhairc um sholáthar foirne do thacaíocht EAL

Ní féidir na poist buan thuasluaite a líonadh ar bhonn buan ó 1 Meán Fómhair 2022 ach amháin sa chás go líonann buanmhúinteoir /múinteoir CID sa scoil atá i ndán ath-implonaithe tríd an bPríomhphainéal ach atá á choinneáil i gceann de na poist thuas. Is féidir buanmhúinteoir breise sa scoil roghnú chun a c(h)earta painéil a iarchur le post sealadach EAL a leithdháileadh ar an scoil ag an mBord Achomharc um Soláthar Foirne ag an mBunleibhéal a ghlacadh. Sa chás nach mbaintear mach an rollú a mbeidh gá, eis, cuirfear an múinteoir ar ais ar an bPríomhphainéal.

Seachas sin ní bheidh cead ag scoileanna a thugtar faomhadh sealadach dóibh do ceann amháin de na poist mhúinteoireachta thuas na poist seo a líonadh ach amháin ar bhonn sealadach suas go dtí Dé hAoine 28 Deireadh Fómhair 2022.

Tabharfaidh an Roinn eolas don/do na scoil(eanna) lena mbaineann a luaithe is féidir i mí Dheireadh Fómhair an dteastaíonn an folúntas sin chun ath-implonú buanmhúinteora/múinteora CID breise a éascú. Má tá an post ag teastáil le haghaidh buanmhúinteoir/múinteoir CID breise a ath-implonú, ní mór scor den chonradh téarma sheasta an 28 Deireadh Fómhair 2022. Tá sé tábhachtach go léirítear na socruithe sin sa chonradh le haghaidh an phoist ar théarma seasta.



Mura bhfuil an post ag teastáil le haghaidh buanmhúinteora breise a ath-implonú, féadfar é a líonadh ag an bpointe sin mar seo a leanas:

- Nuair a fhanann múinteoirí ar an bPainéal Forlíontach laistigh de limistéar painéil na scoile, ní mór an t-oide a cheapadh ón bPainéal Forlíontach faoi gcéad lá oibre de mhí na Samhna.
- Nuair atá an Painéal Forlíontach laistigh de limistéar painéil na scoile folamh, tabharfar cead don scoil leanúint ar aghaidh chuig fógraíocht oscailte.
- Is é an dáta deiridh le buanphost a líonadh ar bhonn buan ná 7 Samhain 2022. Ina dhiaidh sin ní féidir post buan a líonadh ach ar bhonn téarma seasta amháin, ach amháin más buanmhúinteoir/múinteoir CID ón bPríomhphainéal an duine ceaptha.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir le scoileanna tús a chur leis an bpróiseas fógraíochta agus earcaíochta do na folúntais sin go dtí go mbeidh sé ceadaithe ag an Roinn sin a dhéanamh.

Ní bhaineann na socruithe sin le poist mar Phríomhoide, a leanfar á líonadh ar an ngnáthbhealach ar bhonn buan.

2.8 Rolluithe Bailí

Déantar an líon múinteoirí ranga príomhshrutha is cuí do scoil don scoilbhliain 2022/23 a chinneadh trí thagairt do rollú bailí na scoile an 30 Meán Fómhair 2021. Tá an sceideal rollaithe daltaí a theastaíonn do cheapadh agus do choinneáil múinteoirí ranga príomhshrutha don scoilbhliain 2022/23 faoi iamh in Aguisín A.

Ní féidir ach daltaí a iontráladh go bailí ar an rolla an 30 Meán Fómhair 2021 a chur san áireamh chun críche líon foirne a chinneadh. Chuige sin is amhlaidh a chaithfear cloí i dtéarmaí Chirocláin na Roinne 24/02 - Cinneadh Rollú Bailí i mBun- Scoileanna - agus 32/03 – Coinneáil Daltaí i mBunscoileanna. Meabhraítear do scoileanna nár chóir ligean do leanbh freastal ar bhunscoil ná bheith rollaithe i mbunscoil go dtí go mbainfidh sé/sí ceithre bliana amach.

Níor chóir daltaí a choinnítear ar an gclár scoile an 30 Meán Fómhair chun críche an tAcht Oideachais agus Leasa, 2000, a chomhlíonadh, a chomhaireamh le haghaidh rollú bailí d'fhonn an líon foirne a chinneadh.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach gcuimsíonn rolluithe bailí ach na daltaí sin atá rollaithe an 30 Meán Fómhair agus a bhfuiltear ag súil leis ag an bpointe sin go mbeidh siad fós rollaithe sa scoil ar feadh na scoilbhliana. Má tá aon rolluithe gearrthéarmacha sa scoil (lena n-áirítear daltaí ó thír eile atá rollaithe go sealadach chun a gcaighdeán Béarla a fheabhsú nó nuair is eol go



n-aistreoidh na daltaí chuig scoil eile tamall gairid tar éis 30 Meán Fómhair), ní féidir na daltaí sin a chur san áireamh sa tuairisc rollaithe ón scoil.

Maidir leis na scoileanna sin ina bhfuil ranganna speisialta, is é rollú foriomlán na scoile (daltaí i ranganna speisialta agus daltaí i ranganna príomhshrutha) a chinneann líon na múinteoirí príomhshrutha sa scoil. Tá sé mar aidhm leis sin tacú le daltaí ó ranganna speisialta a chuimsiú sna ranganna príomhshrutha, de réir mar is cuí. Ar leithligh, déanann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ranganna speisialta a leithdháileadh mar acmhainní teagaisc.

Meabhraítear do Bhoird Bhainistíochta/BOO agus do Phríomhoidí an tábhacht a bhaineann le beachtas tuairisceán rollaithe don Roinn a chinntiú. Tá freagracht orthu as an Roinn a chur ar an eolas láithreach faoi aon earráid nó aon mhírialtacht ina dtuairisceáin rollaithe. Is é gnáthbheartas na Roinne maidir le cásanna ina ndéantar rolluithe a rólua d'aonghnó ná iad a chur ar aghaidh chuig An Garda Síochána.



Cuid 3

Socruithe Ath-implonaithe don scoilbhliain 2022/23

Tá na socruithe ath-implonaithe mionsonraithe leagtha amach i bhformáid Ceisteanna Coitianta ar láithreán gréasáin na Roinne.

Áirítear leis na socruithe ath-implonaithe na nithe seo a leanas:

3.1 Próiseas ath-implonaithe do bhuanmhúinteoirí/do mhúinteoirí CID

- (i) Cruthaítear gach príomhphainéal do mhúinteoirí breise buana/í seilbh CID chun a chinntiú go dtairgtear folúntais sa chéad dul síos leis na múinteoirí úd.

Tá sé beartaithe go bhfoilseofar na príomhphainéil go luath i mí an Mheithimh. Is é an data faoina gcaitheann a bhfolúntais a bheith líonta ag scoileanna ón bpríomhphainéal, agus tabharfar comhairle chuige sin dóibh ag an tráth sin. Ina dhiaidh sin, ceapfar Oifig Phainéil chun ath-implonú aon bhuanmhúinteoirí/múinteoirí CID breise a éascú.

- (ii) Ní mór folúntais teagaisc a thairiscint laistigh de thréimhse seo do bhuanmhúinteoirí/do mhúinteoirí CID ar phríomhphainéal san ord tosaíochta seo a leanas:

- a. Buanfholúntais laistigh de limistéar an phainéil (m.sh. deoise)
- b. Folúntais sainchuspóra agus folúntais ar théarma seasta laistigh de limistéar an phainéil (m.sh. deoise) a mhaireann tréimhse na scoilbhliana iomláine nó a cheadaítear an chéad lá oibre de mhí na Samhna nó roimhe sin agus ar don tréimhse den scoilbhliain atá fágtha iad.
I gcásanna mar a ath-implonáíodh múinteoir chuig folúntas sealadach i scoil chomharsanach, agus go dtagann post buan aníos laistigh de limistéar painéil an mhúinteora ina dhiaidh sin, forchoimeádan an Roinn an ceart aici féin an múinteoir a ath-implonú sa phost buan.

- (iii) Féadfaidh buanmhúinteoirí/múinteoirí CID breise a roghnú post a ghlacadh lasmuigh den gha 45 km agus féadfaidh sé sin cuidiú le laghdú a dhéanamh ar an ngá le feidhmiú na socruithe teagmhasacha atá leagtha amach ag Uimh. 2 agus ag Uimh. 3 thíos.



3.2 Ath-implonú idirdheoiseach

Sa chás nach ndéanann na socrúithe atá leagtha amach thuas ath-implonú ar na buanmhúinteoirí/na múinteoirí CID breis uile ar phainéal deoise, ní mór na poist uile a fhanann folamh i scoileanna i ndeoisí tadhlaacha a bheith ar fáil do na múinteoirí sin, agus tá líonadh an phoist/na bpost sin le baint amach trí chomhoibriú idirdheoiseach arbhonn téarma seasta.

3.3 Socrúithe ath-implonnaithe d'aon bhuanmhúinteoirí/ mhúinteoirí CID breise atá fágtha

Más rud é, i ndiaidh na bpróiseas atá leagtha amach thuas, go bhfuil aon bhuanmhúinteoirí/mhúinteoirí CID le cois fágtha, beidh gá le socrúithe breise chun a n-ath-implonú i bhfolúntais i scoileanna a éascú.

Ní úsáidfeair na socrúithe breise sin ach amháin sna cásanna sin nach bhfuil aon rogha inmharthana eile ann d'ath-implonú na mbuanmhúinteoirí/na múinteoirí CID le cois atá fágtha. Cinnfeair na socrúithe beachta atá le húsáid ar bhonn cáis ach dul i mbun plé leis na comhpháirtithe oideachais cuí agus leis an bPátrún ábhartha. Úsáidfeair na prionsabail seo a leanas d'fheidhmiú na socrúithe sin:

- (i) Ar an gcéad dul síos, scrúdófar an staid maidir le cé acu is féidir nó nach féidir solúbthacht ar bith i gComhaontú Bhóthar Haddington 2014-2016 maidir leis an nga 45km d'ath-implonú a chur i bhfeidhm go cuí chun ath-implonú an bhuanmhúinteora/an mhúinteora CID breise a bhaint amach chuig scoil den chineál céanna pátrúnachta.
- (ii) Ar an dara dul síos, scrúdófar an scóp le hath-implonú an bhuanmhúinteora /an mhúinteora CID le cois a bhaint amach ar bhonn roghnach trí iarratas á dhéanamh ag an múinteoir le bheith curtha ar phainéal de phátrúnacht éagsúil. Fágfar é faoin bpátrún ábhartha cead a thabhairt don iarratas sin.
- (iii) Mura bhfuil aon rogha inmharthana eile ar fáil ansin, déanfar sannadh sealadach chuig folúntas i scoil de chineál éagsúil pátrúnachta. Mairfidh an sannadh sealadach seo ar feadh na scoilbhliana ábhartha. Coinneoidh aon mhúinteoir ar shannadh sealadach ar an mbealach sin na cearta painéil atá aige/aici cheana don phainéal ath-implonnaithe ábhartha dá scoil bhunáite. Ní bhfaighidh múinteoirí dá leithéid cearta painéil i leith an phainéil ath-implonnaithe a bhaineann leis an scoil ina bhfuil an sannadh sealadach. Beidh ar na múinteoirí sin cloí le riachtanais an Bhoird Bhainistíochta/BOO maidir leis an dualgas atá air éiteas na scoile a choinneáil, comhsheasmhach leis an dlí.



Is é an cur chuige a bheidh ag an Roinn maidir le feidhmiú na socrúithe fágtha atá leagtha amach ná comhaontú a lorg d'aonghuth. Chuige sin, beidh comhairliúchán leanúnach ar siúl leis na geallsealbhóirí cuí maidir le feidhmiú an phróisis ath-implonaithe.



Cuid 4

An Bord Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal

4.1 Socruithe don scoilbhliain 2022/23

Déanfaidh an Bord Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal, a fheidhmíonn neamhspleách ón Aire agus ón Roinn, achomhairc don scoilbhliain 2022/23 a athbhreithniú. Tá na critéir achomhairc leagtha amach faoi phointe 4 thíos.

An chéad chruinniú de Bhord Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal chun dul i ngleic leis an scoilbhliain 2022/23; réachtálfar i mí Bealtaine na bliana é. Tionólfar cruinnithe eile i mí Dheireadh Fómhair 2022.

Is é 9 Bealtaine 2022 an spriocdháta d'achomhairc sholáthar foirne a chur isteach don chéad chruinniú de chuid an Bhoird Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal.

Postálfar na dátaí deiridh le haghaidh achomhairc sholáthar foirne a chur isteach agus dátaí do chruinnithe amach anseo ar shuíomh Gréasáin na Roinne in am trátha.

Tabhair faoi deara go gcloífear go docht le spriocdhátaí, agus dá réir sin, ní bhreithneoidh an Bord ag an gcruinniú sin achomhairc a fhaightear tar éis spriocdháta ar leith.

Ní mór achomhairc a chur chuig an Rannóg Leithdháiltí Bunmhúinteoirí, an Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, ar an bhfoirm iarratais chaighdeánach, lena luaitear go soiléir an critéar faoina bhfuil an t-achomharc á dhéanamh. Cuir “Achomhairc Sholáthar Foirne” ar an gclúdach.

Tá an fhoirm iarratais chaighdeánach ar fáil in Aguisín F (a – g).

Cuirfear stádas DEIS na scoile san áireamh in aon iarratas achomhairc.

4.2 Ombudsman

I bhfianaise na leasuithe ar an Acht Ombudsman 2012, aon scoil a mheasann nár chuir an Bord Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal na critéir achomhairc i bhfeidhm go cóir san achomharc, féadfaidh sí gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman.



Is é ról an Ombudsman i ndáil le hachomharc ar bith ná athbhreithniú a dhéanamh ar cé acu a dhéileáil nó nár dhéileáil an Bord Achomhairc leis go cóir agus de réir na gcritéar achomhairc. Ní áit é do scoileanna le breis acmhainní a lorg, mar sin.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifig an Ombudsman ag www.ombudsman.gov.ie

4.3 Ní cheadaítear do Bhord Bainistíochta/ETB ach achomharc amháin a dhéanamh i gcás ar leith

Measfar gur cinneadh deiridh é breithiúnas an Bhoird Achomhairc maidir leis an bpost (na poist) agus ní bhreithneofar aon iarratais bhreise chuig an mBord Achomhairc i dtaca leis an scoilbhliain 2022/23 ach sa chás gur tháinig athrú ar chúinsí na scoile, m.sh. rolluithe breise.

4.4 Critéir Achomharc

Féadfaidh an Bord Achomhairc a chinneadh go bhfuil sé riachtanach imeacht ón sceideal soláthar foirne sna cúinsí a bhfuil cur síos orthu i bpointí (a) go (g) thíos:

A. Deacracht cóiríochta eisceachtúil

I gcás go bhfuil an Bord Achomharc sásta go mbainfear amach an líon daltaí atá riachtanach i mí Mheán Fómhair 2022 agus, mura ndéanfaí post seomra ranga sa bhreis a leithdháileadh, go mbeadh deacracht cóiríochta eisceachtúil ag an scoil.

B. Rollú Dheireadh Fómhair 2021

Sa chás go bhfuil an Bord Achomhairc sásta, ar bhonn fianaise infhíoraithe, go raibh an líon riachtanach daltaí rollaithe i mí Mheán Fómhair* nó i mí Dheireadh Fómhair 2021, ach de bharr cúinsí nach raibh neart ag an scoil orthu, ní raibh siad cláraithe an 30 Meán Fómhair 2021. Mar sin féin, chun críocha soláthar foirne, ní féidir dalta a bheith san áireamh ach i rollú scoile amháin in aon scoilbhliain amháin**.



*Ní bheidh dalta a fhágann an scoil roimh an 30 Meán Fómhair agus nach bhfilléann ar an scoil sa scoilbhliain incháilithe lena bhreithniú faoin gcritéar sin.

** Sa chás gur féidir leis an scoil ina raibh an dalta rollaithe an 30 Meán Fómhair a fhíorú nár ghá an dalta a chomhaireamh i leith múinteoir a cheapadh nó a choinneáil sa scoil sin, breithneoidh an Bord Achomhairc cead a thabhairt chun an dalta a chomhaireamh mar chuid den rollú chun críocha soláthar foirne sa scoil ar aistrigh sé/sí chuici.

C. Post Rollaithe Réamh-Mheasta atá bunaithe ar rolluithe breise tar éis an 30 Meán Fómhair 2022

Ní bhaineann an critéar seo ach leis na scoileanna sin a fuair ceadú sealadach do pho(i)st rollaithe réamh-mheasta, nár shroich dóthain rolluithe an 30 Meán Fómhair 2022 chun an post a choinneáil. Ó tharla go mbaineann an critéar sin le fíorú ar rollú iarbhír an 30 Meán Fómhair 2022, ní féidir leis an mBord Achomhairc achomhairc faoin gcritéar sin a bhreithniú ach amháin ag cruinniú an Bhoird Achomhairc do mhí Dheireadh Fómhair.

Nuair a mheasann an Bord, maidir le bronnadh poist faoi na critéir post rollaithe réamh-mheasta, go raibh an líon daltaí réamh-mheasta a theastaigh leis an bpost a choinneáil rollaithe nó ar dhócha go mbeidh siad rollaithe faoin lá deiridh den téarma i mí na Nollag 2022, ach de bharr cúinsí nach raibh neart ag an scoil orthu, nár rolladh iad mar a rabhthas ag súil leis an 30 Meán Fómhair 2022. Na foirmeacha rollaithe/litreacha ó thuismitheoirí ag deimhniú an dáta do rollú ionchasach na ndaltaí; caithfear iad a sholáthar leis an achomharc.

Ceadófar post arna leithdháileadh ag an mBord Achomhairc faoin gcritéar seo ar bhonn sealadach faoi réir ag dearbhú go bhfuil an rollú riachtanach a bheith bainte amach faoin lá deiridh den téarma i mí na Nollag 2022. Mar atá le Critéar B, ní féidir dalta a bheith san áireamh ach i rollú scoile amháin in aon scoilbhliain amháin

Sa chás gur féidir leis an scoil ina raibh an dalta rollaithe an 30 Meán Fómhair 2022 a híorú nár ghá don dalta a chomhaireamh i leith múinteoir a cheapadh nó a choinneáil sa scoil sin, breithneoidh an Bord Achomhairc cead a thabhairt don dalta a chomhaireamh mar chuid den rollú chun críoch soláthar foirne sa scoil ar aistrigh sé/sí chuici. Sa chás nach raibh an dalta/na daltaí rollaithe i scoil éigin in Éirinn an 30 Meán Fómhair 2022, is amhlaidh a chaithfear litir ó na thuismitheoirí ag deimhniú é sin a sholáthar leis an achomharc.



D. Tacaíocht EAL

Sa chás go bhfuil 20% ar a laghad de rollú iomlán na scoile comhdhéanta de dhaltaí a dteastaíonn tacaíocht EAL (Béarla mar theanga bhreise) uathu (daltaí a bhfuil níos lú ná inniúlacht B1 (Leibhéal 3) acu), féadfaidh an Bord Bainistíochta achomharc a dhéanamh le hathbhreithniú ar an leithdháileadh atá beartaithe do dhaltaí a dteastaíonn tacaíocht EAL uathu.

Agus machnamh déanta aige ar na cúinsí atá leagtha amach ag an scoil, agus ag féachaint don líon ard daltaí a dteastaíonn tacaíocht EAL uathu, féadfar post breise nó poist bhreise a cheadú chun tacú le riachtanais oideachasúla daltaí dá leithéid. Agus leibhéal na tacaíocht EAL á bhreithniú sa scoil, breithneoidh an Bord Achomharc na daltaí sa scoil le níos lú ná cumas B1 (Leibhéal 3) agus a fuair ní ba lú ná 3 bliana de thacaíocht EAL.

Ba chóir do scoileanna a thabhairt faoi deara go mbeidh cinntí a dhéanann an Bord bunaithe ar rolluithe réamh-mheasta daltaí EAL faoi réir athbhreithniú tar éis rollaithe an 30 Meán Fómhair 2022. Féadfar an cinneadh sin a leasú sa chás nach dtiocfaidh na rolluithe réamh-mheasta aníos.

Féadann scoileanna a chomhroinneann an t-aon champas amháin comhiarratas a dhéanamh chuig an mBord Achomhairc ar phost EAL bunaithe ar an rollú comhcheangailte daltaí EAL sa dá scoil.

E. Scoileanna beaga

Mar chuid de na bearta i gCáinainisnéis 2012, rinneadh méadú ar na tairseacha daltaí i scoileanna beaga. Is leis na scoileanna sin a bhaineann an critéar achomhairc seo agus is féidir le scoil achomharc a dhéanamh sna cúinsí seo a leanas:

1. Sa chás go ndéanann scoil a bhfuil ceathrar múinteoirí ranga nó níos lú aici agus a bhfuil post ranga á chailleadh aici don scoilbhliain 2022/23 fianaise a dtacaítear léi a thabhairt go dtiocfaidh méadú leordhóthanach ar rollú na scoile faoi 30 Meán Fómhair 2022 ar mhaithe leis an bpost a choinneáil don scoilbhliain ina dhiaidh sin (i.e. an scoilbhliain 2023/24), féadfaidh an Bord Achomhairc cead a thabhairt don scoil an post ranga príomshrutha (MCT) a choinneáil.
 - Bíonn feidhm le tairseach 12 dalta do choinneáil an 2ú MCT reatha (i.e. P + 1).
 - Beidh feidhm le tairseach 48 dalta do choinneáil an 3ú MCT reatha (i.e. P+2).
 - Beidh feidhm le tairseach 78 dalta do choinneáil an 4ú MCT reatha (i.e. P + 3).



Nó

2. Sa chás nach bhfuil scoil a bhfuil triúr múinteoirí ranga nó níos lú ag fáil poist seomra ranga príomhshrutha don scoilbhliain 2022/23 ach is féidir fianaise a thabhairt go méadófar an rollú a dhóthain faoi 30 Meán Fómhair 2022 chun is go gnóthóidh sí post seomra ranga breise don scoilbhliain ina dhiaidh sin (i.e. an scoilbhliain 2023/24), ag glacadh leis nach dtagann aon athrú ar an sceideal soláthar foirne, féadfaidh an Bord Achomhairc post breise a cheadú don scoil don scoilbhliain 2022/23.
 - Bíonn feidhm le tairseach 15 dalta do cheapadh an 2ú MCT (i.e. P+1).
 - Bíonn feidhm le tairseach 51 dalta do cheapadh an 3ú MCT (i.e. P+2).
 - Bíonn feidhm le tairseach 81 dalta do cheapadh an 4ú MCT (i.e. P+3).
 - Bíonn feidhm le tairseach 12 dalta do cheapadh an 2ú MCT (i.e. P+1) do scoileanna atá suite 8km nó níos mó ón scoil is cóngaraí leis an bpátrúnacht/teanga teagaisc chéanna.
 - Bíonn feidhm le tairseach 12 dalta do choinneáil an 2ú MCT reatha (i.e. P + 1) mar a mbeidh ar a laghad 6 ghrúpáil ranga á dteagasc sa scoil sa scoilbhliain 2022/23.

F. **Scoil atá ag cailleadh 3 phost nó níos mó**

Má bhíonn scoil éigin ag cailleadh 3 phost bhuaana nó níos mó, is féidir iarratas a dhéanamh leis an mBord Achomhairc Soláthar Foirne sa tsúil chun iarracht a dhéanamh cuid den chaillteanas i bpoist a iarchur go dtí an scoilbhliain 2023/24 ar an mbunús go bhfuil fíor-dhrochthionchar á imirt aige ar leithdháileadh iomlán scoile.

G. **Maolú a dhéanamh ar roinnt den bhrú ar mhéideanna ranga ag leibhéal naíonán do scoileanna a chuireann go mór leis trí fhás déimeagrafach a ionsú**

Tá na critéir achomhairc seo dírithe ar scoileanna nach bhfuil post teagaisc breise á fháil acu faoi na critéir do scoileanna post rollaithe réamh-mheasta ach, mar sin féin, a chuireann go mór le soláthar na n-áiteanna scoile, rud a chuidíonn leis an bhfreagairt d'fhás déimeagrafach laistigh dá limistéar agus, mar thoradh air sin, atá faoi bhrú suntasach ar mhéid a ranganna ag leibhéal naíonán. Eochairtháscaire maidir leis na scoileanna sin is ea méadú suntasach ar rollú naíonán sóisearach.

Samhlaítear go mbeidh na scoileanna sin, de ghnáth, lonnaithe i limistéir ina bhfuil fás daonra suntasach. Sa chás go bhfuil scoil ag méadú líon na



ranganna iontrála atá aici – rud a ghinfeadh sruth nua – ba chóir don scoil a thabhairt faoi deara nach mór di cead don mhéadú sin a fháil roimh ré ó Phátrún na Scoile agus ó Aonad Pleanála agus Tógála na Roinne.

Is féidir le scoileanna a chomhlíonann na ceithre chritéar atá sa liosta thíos achomharc a chur faoi bhráid an Bhoird Achomhairc le haghaidh post teagaisc bhreise don scoilbhliain 2022/23.

Is iad seo a leanas na ceithre chritéar a cheadóidh achomharc a chur isteach:

1. Tá an scoil ag réamh-mheas, ar bhonn réalaíoch, go mbeidh méadú ar a rolluithe foriomlána don 30 Meán Fómhair 2022 agus tá leibhéal an mhéadaithe atá réamh-mheasta:
 - a) leordhóthanach don scoil le post teagaisc bhreise a fháil don scoilbhliain 2023/24 (ag glacadh leis nach dtagann aon athrú ar an sceideal soláthar foirne)
 - b) neamhdhóthanach don scoil le post teagaisc bhreise a fháil don scoilbhliain 2022/23 ar fhorais an rollaithe réamh-mheasta
2. Bhí méadú ag an scoil ar a rolluithe foriomlána i ngach ceann den 2 scoilbhliain is déanaí (2021/22 agus 2020/21)
3. Chláraigh an scoil 30 naíonán sóisir ar an 30 Meán Fómhair 2020 agus tá líon na naíonán sóisir atá cláraithe tar éis dul i méid gach bliain ó shin i leith
4. Mar thoradh ar rollú méadaitheach na naíonán sóisearach, tá brú suntasach ar an scoil maidir le méideanna ranga ag leibhéal naíonán (naíonáin sóisearacha agus/nó naíonáin sinsearacha).

Déanfar gach iarratas chuig an mBord Achomhairc a mheas ar a fhiúntas. Déanfaidh an Bord Achomhairc measúnú an bhfuil an scoil, ina thuairim féin, ag baint úsáide as a múinteoirí seomra ranga príomhshrutha uile ar bhealach cuí. Tabharfaidh an Bord Achomhairc tús áite do na scoileanna sin atá, ina thuairim féin, faoin mbrú is mó maidir le méid a ranganna ag leibhéal naíonán mar thoradh ar líon méadaitheach na naíonán sóisearach ar a rolla. Déanfar post ar bith a dheonaíonn an Bord Achomhairc a leithdháileadh ar bhonn sealadach go dtí go ndeimhnítear rolluithe iarbhír an 30 Meán Fómhair 2022.



4.5 Beachtas na Faisnéise Rollaithe arna Cur faoi Bhráid an Bhoird Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal mar Chuid d'Achomhairc

Meabhraítear do Bhoird Bhainistíochta/BOO agus do Phríomhoidí an tábhacht a bhaineann le cinntiú chruinneas na faisnéise rollaithe a chuirtear faoi bhráid an Bhoird Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal. Is é gnáthpholasaí na Roinne maidir le cásanna ina ndéantar rolluithe a rólua d'aonghnó chun críocha aon acmhainní breise a fháil ón Roinn ná na cásanna sin a chur ar aghaidh chuig an nGarda Síochána.